Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**5967/26**

**EF 23**
**ECOFIN 149**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE an … maidir le Leas-Chathaoirleach Bhord Maoirseachta BCE a cheapadh<br>– Formheas |

1. An 15 Deireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa.

2. Cuirtear pleanáil agus forghníomhú na gcúraimí a thugtar do BCE de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 de chúram ar an mBord Maoirseachta, ar a bhfuil an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach, ceathrar ionadaithe ó BCE, agus ionadaí amháin ón údarás inniúil náisiúnta i ngach Ballstát rannpháirteach. Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, tugadh de chumhacht don Chomhairle Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta a cheapadh.

3. An 22 Feabhra 2021, cheap an Chomhairle Frank ELDERSON ina Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/325[1] ón gComhairle ar feadh tréimhse 5 bliana ón 24 Feabhra 2021. Tagann deireadh le téarma oifige an Leas-Chathaoirligh ar an mBord Maoirseachta an 23 Feabhra 2026.

4. Ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Nollaig 2025, mhol Comhairle Rialaithe BCE, tar éis éisteacht a thabhairt don Bhord Maoirseachta, go gcuirfí síneadh le téarma oifige Frank ELDERSON mar Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta go dtí deireadh a shainordaithe mar chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin BCE, a rachaidh in éag an 14 Nollaig 2028.

5. An 17 Nollaig 2025, chuir BCE togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena fhormheas chun síneadh a chur le téarma oifige Frank ELDERSON mar Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta. D'fhormheas Parlaimint na hEorpa an togra sin an 10 Feabhra 2026,

6. Dá bhrí sin, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a ghlacadh mar a leagtar amach in 5851/26 é.

---

[1] Cinneadh Cur chun feidhme ón gComhairle (AE) 2021/325 an 22 Feabhra 2021 maidir le Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh a cheapadh (IO L 64, 24.2.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/325/oj).